Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/249

20.2.2025

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 230/2024**

**an 25 Deireadh Fómhair 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/249]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2024/887 ón gCoimisiún an 22 Márta 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní IV, VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le beathú ainmhithe, cur ar an margadh agus allmhairiú isteach san Aontas ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 12 (Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) i gCuid 7.1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32024 R 0887**: Rialachán (AE) 2024/887 ón gCoimisiún an 22 Márta 2024 (IO L, 2024/887, 25.3.2024).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2024/887 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 26 Deireadh Fómhair 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L, 2024/887, 25.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/887/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Anders H. EIDE